V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10976 — CNP GROUP / SIENNA GROUP / ECT GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 20/06)

1. An 1 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Compagnie Nationale à Portefeuille SA ("CNP", an Bheilg),

— Sienna Capital Invest SCSp, ("Sienna", an Bheilg), agus

— ECT Invest ("ECT", an Fhrainc).

Gheobhaidh CNP agus Sienna rialú comhpháirteach ar ECT de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Déantar an comhchruinniú trí scaireanna ECT a cheannach ag comhfhiontar arna bhunú ag CNP agus Sienna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é CNP a bhfuil sealúchais dhíreacha nó indíreacha aige i roinnt cuideachtaí,

— Is é Sienna an t-ardán sócmhainní malartach atá ag Groupe Bruxelles Lambert, cuideachta sealbhaíochta infheistíochta atá liostaithe go poiblí a infheistíonn i gcuideachtaí domhanda atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla, agus

— Is páirtí leasmhar Francach é grúpa ECT a dhéanann speisialtóireacht i nglacadh dramhaíola támh, talamh tochailte den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10976 — CNP GROUP / SIENNA GROUP / ECT GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË